Tuairisc Leathbhliana ar Imeachtaí san AE

ón

Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Seán Ó Donnchú, T.D.,

01 Iúil 2005-31 Nollaig 2005

Athbhreithniú Scrúdain

San tréimhse 1 Iúil-31 Nollaig 2005, do mhol an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go ndéanfaí scrúdan ar an dtogra seo leanas:

Ealaíon agus Cultúr

- Togra do Chinneadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir leis an mBliain Eorpach don Dialóg Ilchultúrtha (2008).

Tá an togra seo faoi chúram coiste den Ghrúpa Oibre um Gnóthaí Cultúrtha.

An tUachtaránacht Deireannach

Tháinig Comhairle na nAirí ar pháirtchomhaontú polaitiúil ar an togra maidir le bunú clár Cultúr 2007 (2007-2013) atá sé mar aidhmeanna aige tacú le soghluaisteacht trasnáisiúnta oibrithe san earnáil cultúrtha, cúrsaíocht trasnáisiúnta saothair ealaíne agus táirgí ealaín agus ealaíonta a spreagadh agus dialóg ilchurtúrtha a chur chun cinn.

Ceisteanna Closamhairc

Tháinig Comhairle na nAirí ar pháirtchomhaontú polaitiúil ar an togra do chinneadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm clár tacaíochta don earnáil closamharc Eorpach (MEDIA 2007) atá sé mar aidhm aige iomaíochas earnáil closamharc na hEorpa a neartú; cúrsaíocht saothair closamharc Eorpach a mhéadú laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach; éagsúlacht chultúrtha na hEorpa maraon lena hoidhreacht cineamatagrafaíochta agus closamharc a chaomhnú agus a bhreisiú, rochtain dó seo a rathú do shaoránaigh Eorpacha agus dialóg ilchurtúrtha a chur chun cinn.

Turasóireacht

Le linn Uachtaránacht na Ríochta Aontaithe, bhí ionadaithe ó thionscail na turasóireachta maraon le lucht déanta polasaithe ag Fóram Eorpach ar an dTurasóireacht, a tionóladh ó 19-21 Márta 2005 i Málta. Ag an ócáid seo, ba iad na ceisteanna ba mhó a pléadh ná iomaíochas, SKILLS/ICT, Rialú níos Fearr maidir le cúrsaí Turasóireachta agus Forbairt Inmharthanach.

Thug Gunter Verheugen, LeasUachtarán an Choimisiúin Eorpach le freagracht maidir le Fiontar agus Tionsclaíocht, breac-chuntas ar athnuachan Polasaí na Turasóireachta. 'Sé an phríomhaidhm a bheidh ag an bpolasaí seo ná feabhas a chur ar iomaíochas earnáil na turasóireachta san Eoraip agus breis post a chruthú tríd an turasóireacht a fhorbairt go hinmharthanach san Eoraip agus go hidirnáisiunta. Chun an polasaí seo a fheidhmiú, beidh béim ag an gCoimisiún amach anseo ar ghníomhartha a chothaíonn páirtíochtaí agus úsáid optamach acmhainní. Sa pholasaí beidh fócas ar thrí phríomhréimsí gníomhartha:

- Rialú níos Fearr agus comhordú polasaí
- Úsáid níos fearr a bhaint as na hionstraimí airgeadais Eorpacha atá ar fáil agus
- Gníomhartha ag tabhairt aghaidhe ar fhadhbanna sainiúla na turasóireachta

Sa chur chuige seo thug an Coimisinéir geallúintí áirithe:

- Ní mholfhaidh an Coimisiún rialachán míriachtanach;
- Ní chruthóidh an Coimisiún aon ionstraimí airgeadais nua ach bainfear lánúsáid as na hionstraimí atá ann cheana féin;
- Ní bheidh caighdeáin á bhrú ag an gCoimisiún nuair is féidir iad a mhionsaothrú trí féinrialúchán deonach;
- Beidh an Coimisiún ag feidhmiú chun rómhaorlathas a laghdú agus rialúchán reatha a thabhairt cothrom le dáta;
- Déanfaidh an Coimisiún comhordú ar bhearta an Chomhphobail a bhíonn tionchar acu ar an dturasóireacht;
- Cuirfidh an Coimisiún iomaíochas agus forbairt inmharthanach na turasóireachta Eorpaí chun tosaigh;
- Leanfaidh an Coimisiún ag tacú le gníomhartha a chuireann an Eoraip chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta;
- Déanfaidh an Coimisiún iniúchadh ar chonas cabhrú le cineálacha turasóireachta atá ag teacht chun cinn;
- Leanfaidh an Coimisiún ag comhoibriú agus ag dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha;
- Féachfaidh an Coimisiún chuige go mbeidh tábhacht earnáil na turasóireachta Eorpaí go mór os comhair an phobail.